Ailish Bhreathnach

Co. na Gaillimhe

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Pearsanta

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Níl siad iomarcach. Theastódh cuid mhaith de na fograí uathoibríocha a thagann le ríomhphost a bheith á n-eisiúint go dátheangach, rud nach mbíonn go hiondúil. Caithfear fanacht go dtí go mbeidh cumarsáid déanta ag an saoránach trí mheán na Gaeilge ar dtús. Chomh maith leis sin, níl caighdeán na Gaeilge ar comhchéim leis an mBéarla go minic, agus bíonn moill leis an bhfreagra nach mbíonn le cumarsáid i mBéarla. Maille leis sin, is céim ar gcúl atá ann an leasú ar Alt 62 den Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2011, mar nach gá anois ach Achtanna Oieachtais a fhoilsiú ach in aon teanga oifigiúil amháin go leictreónach.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Níl siad iomarcach, ach d'fhéadfaí cáipéisí atá dírithe níos mó ar an bpobal a fhoilsiú i scríbhinn sa dá theanga oifigiúil go comhuaineach, cosúil le foirmeacha. Bíonn fadhb anseo le caighdeán na Gaeilge chomh maith - níl sé ar comhchéim leis an mBéarla.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Níl siad iomarcach. Arís, tá fadhb ann maidir le caighdeán na Gaeilge, go háirithe le hIarnród Éireann. Chomh maith leis sin, ba cheart treisiú a dhéanamh ar na fograí atá taifeadta, sa chaoi is má bhíonn gá le fógra beo a dhéanamh, go mbeifí in ann seo a dhéanamh trí mheán na dá theanga oifigiúla ag an am céanna, seachas i mBéarla amháin.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Níl sé sásúil. Bíonn éiginnteacht ann an chuid is mó den am cé na comhlachtaí poiblí a bhfuil scéim teanga in úsáid acu, gan eolas a bheith ag an saoránach roimhré, agus chomh maith leis sin, níl aon chaighdeánú ann maidir leis na seirbhísí a ofráiltear - seachas na ddualgais dhíreacha. Is faoin gcomhlacht féin atá sé na seirbhís a roghnú.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Caighdeánú a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, níl aon mhaith a bheith ag caint nuair nach bhfuil córás daingnithe na scéimeanna ag obair - níor dhaingnigh an Roinn féin ach scéim amháin an bhliain seo caite - ná níl a ndara scéim féin daignithe fós. Níl aon fhorbairt ar sheirbhísí Gaeilge/dátheangacha mar gheall air seo - is léir nach bhfuil an córas seo ag obair.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Níl, go háirithe leis an FSS, na Gardaí ná leis an gComhairle Contae i nGaillimh. Níl a fhios ag go leor de mhuintir na Gaeltachta go bhfuil seirbhísí trí Ghaeilge ann (más ann dóibh), mar nach bhfuil aon Tairiscint Ghníomhach i bhfeidhm. Chomh maith leis sin, is

iomaí moill a chuirtear ar dhuine ag iarraidh seirbhíse trí Ghaeilge, rud nach féidir glacadh leis, go háirithe i gcás práinne, tinnis nó gortaithe.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Córas Tairiscint Ghníomhach a chur i bhfeidhm, agus daoine le caighdeán Gaeilge sásúil a earcú.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Níl siad iomarcach. Níl an Ghaeilge sách feiceálach iontu. Mura bhfuil an Ghaeilge le feiceáil sna hinstidiúidí Stáit is tábhachtaí sa tír, cén dóchas atá ann don chuid eile de na hinstiúidí/comhlachtaí?

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Ba cheart go mbeadh leasú san Acht go bhfuil aon chomhlacht stáit nua a bhunaítear ag teacht faoin Acht freisin - gan fanacht ar fhógra ón Roinn go mbeidís clúdaithe faoin Acht. Ba cheart féachaint freisin ar chomhlachtaí príomhaideacha a fhostaíonn an stát - níl siadsan ag teacht faoin Acht faoi láthair ach an oiread - cé go bhfuil siad ag déanamh oibre don stát. (Comhlachtaí tástálacha tiomána, mar shampla).

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?

Ba cheart go mbeadh níos mó cumhachta ag an gCoimisinéir - píonós níos éifeachtaí a ghearradh ar chomhlacht poiblí nach gcloíonn le forálacha an Achta, a chuireann moill leis an bpróiseas. Ba cheart freisin go mbeadh an Coimisinéir freagach as daingniú scéimeanna teanga, mar a sheasann an córas faoi láthair, mar is léirnach bhfuil an Roinn in ann déileáil leis seo.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Leasú chun polasaí earcaíochta le daoine le Gaeilge a chur leis an Acht. An fócas a athrú ó fhoilsiú cháipéisí, agus é a dhíriú ar fhoilseacháin/eolas ar shuíomhanna idirlín. Go mbeadh eolas/faisnéis/fógraí atá ag teacht ó bhéal atá beo ag teacht faoin Acht, agus córas eile a chur i bhfeidhm maidir le daingniú scéimeanna, ós rud é nach féidir brath ar an Roinn chun an méid seo a bhaint amach go tráthúil ná go sásúil.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Seirbhísí dátheangacha ar an idirlíon, foirmeacha dátheangacha, labhairt le duine a bhfuil Gaeilge acu ar fhón nó amach os a gcomhair, seachas é a bheith réamhthaifeadta

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Patuaire/Drogall institiúide an Stáit. Dá mbeadh an Stát chomh toilteanach an Ghaeilge a chur chun cinn is atá sé cáin a chur orainn, bheadh an Ghaeilge slán.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Córas caighdeáin, seachas na scéimeanna teanga. Píonós níos éifeachtaí a ghearadh ar chomhlachtaí nach gcloíonn leis an Acht, mar má tharlaíonn sin, feicfear go mbeidh an obair déanta i bhfad níos sciobtha aus níos éifeachtaí.